



Cairde Na Scoile Nuachtlitir - Nollaig 2016




Nollaig Shona ó Choiste Chairde na Scoile!

Tá an scoilbhliain faoi lán seoil agus tá coiste Chairde an-ghnóthach ag eagrú imeachtaí don chuid eile den bhliain. Sa nuachtlitir seo, gheobhaidh tú eolas faoi imeachtaí a d'eagraigh muid cheana agus ar thacaigh sibh leo maraon le heolas faoi imeachtaí atá beartaithe.



Tá sé i gceist againn, an Rith sa bPuiteach a dhéanamh arís i mbliana mar gheall ar gur éirigh chomh maith leis anuraidh. Beidh sé ar siúl i Mí na Márta ar an Satharn, an 11ú (13 seachtain amach romhainn). Más suim leat bheith linn don ócáid seo, mar bhall d'fhoireann GSBB, beidh an clárú ar siúl Dé Máirt, an 17-01-17. Tá tairiscint speisialta ann dóibh siúd a chláraíonn go luath ie €20 an duine don chéad chaoga áit! Is féidir seo a dhéanamh agus dul i dteagmháil le Bairbre nó Ann ar an gcoiste.

Bairbre : bcarthy@gmail.com or Anne : annieoloughlin@gmail.com



Tá sé i gceist againn Leabhar Cócaireachta Scoile a chur i gcló i mbliana, le hoidis ó na páistí nó ón mbaile. Seolfaidh na páistí isteach iad agus agus roghnófar cinn faoi leith don leabhar. Déan cuardach sa bhaile agus aimsigh an t-oidias sin is mó a thaitníonn leat. Beidh béim ar bhia folláin ach fáilteofar roimh oidis eile!
Seolfar an Leabhar Cócaireachta in am don Cháisc.

MÍLE BUÍOCHAS as tacú le himeachtaí na bliana go dtí seo

D'éirigh go han-mhaith le himeachtaí na bliana go dtí seo idir Dioscó Oíche Shamhna, Cártaí Nollag agus Bailiú Éadaí agus bailíodh go leor airgid a chabhróidh leis an scoil. Táimid an-bhuíoch as an gcabhair agus an tacaíocht a fhaigheann muid d'imeachtaí mar seo.

Cuirfear airgead ar fáil do thionscnamh garraíodóireachta scoile in éineacht le comhlacht sheachtrach a chabhróidh linn i bhfad níos mó plandaí a chur ar an suíomh thar tréimhse trí bliana. Beidh na páistí ag cabhrú leis an tionscnamh seo.

Tá sé i gceist againn, sceacha a chur ag fás timpeall an tsuímh, maraon le crainn agus plandaí dúchasacha a chuirfidh gnáthóg nádúrtha ar fáil chun tacú lenár n-ainmhithe, feithidí agus éin dúchasacha. Tá cóip den phlean ar taispeáint sa scoil.

Bí Gníomhach – Glac Páirt!

Más mian leat páirt a ghlacadh nó cabhrú bealach ar bith le himeachtaí Chairde, cuir ar an eolas muid, le do thoil – ba mhór againn do chabhair!

I féidir muid a leanúint ar Facebook le tuilleadh eolais a fháil.

Le meas,

Cairde na scoile



Facebook

Do ghrianghraif, agus nuacht reatha, téigh go:

<https://www.facebook.com/CairdeNaScoile>